AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
SWD(2022) 650 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (athmhúnlú)

{COM(2022) 650 final} - {SEC(2022) 200 final} - {SWD(2022) 651 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Togra reachtach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha (clár oibre 2021 an Choimisiúin)

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

An príomhchuspóir atá ag an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha ná náisiúnaigh tríú tír atá lonnaithe go fadtéarmach sna Ballstáit a lánpháirtiú. Is príomhghné é sin de chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, ar ceann de bhunchuspóirí an Aontais é. Chun na críche sin, leagtar amach sa Treoir na coinníollacha faoina bhféadfadh náisiúnaigh tríú tír a chónaigh go dlíthiúil leanúnach i mBallstát 'stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas' a bhaint amach. Mar sin féin, mar a cuireadh i dtábhacht cheana féin in 2019 sa tSeiceáil Oiriúnachta maidir leis an imirce dhleathach agus sa tuarascáil cur chun feidhme, leanann roinnt fadhbanna gan réiteach de dhochar a dhéanamh do bhaint amach chuspóirí na Treorach ina n-iomláine. Go háirithe:

1) tá roinnt **bacainní ann maidir le stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas a bhaint amach** i gcás roinnt náisiúnaigh tríú tír, náisiúnaigh nach féidir leo, dá bhrí sin, tairbhiú den stádas sin lena gcuirtear ar a gcumas dóibh lánpháirtiú sa sochaí óstach;
2) tá **bacainní ann maidir le lánpháirtiú cónaitheoirí fadtéarmacha** mar gheall ar easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta i dtaobh na gceart a thugtar leis an stádas mar chónaitheoir fadtéarmach san Aontas;
3) tá roinnt **bacainní maidir leis an gceart chun aistriú agus cónaí i mBallstáit eile a fheidhmiú** ar náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe fadtéarmach de chuid an Aontais.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is iad **cuspóirí beartais ginearálta** an tionscnaimh:

1) a áirithiú go ndéanfaí sreabha imirce san Aontas a bhainistiú go héifeachtúil trí reachtaíocht náisiúnta na mBallstát a chomhfhogasú agus a chomhchuibhiú;
2) a áirithiú go gcaithfí go cothrom le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu san Aontas;
3) iomaíochas agus fás eacnamaíoch an Aontais a neartú.

Freagraíonn na **cuspóirí beartais sonracha** do na príomhfhadhbanna thuas agus tá sé d'aidhm acu:

1) córas níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla agus níos cothroime a chruthú maidir le stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas a fháil;
2) ceart cónaitheoirí fadtéarmacha chun aistriú agus cónaí i mBallstáit eile (soghluaisteacht laistigh den Aontas) a éascú;
3) feabhas a chur ar chearta cónaitheoirí fadtéarmacha agus a dteaghlaigh.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir a bhaint amach ina n-aonar i dtaca le feabhas a chur ar úsáid agus éifeachtacht an stádais cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas. Is gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun tuilleadh feabhais a chur ar na nósanna imeachta comhchoiteanna sin. Ní móide go réiteofar na fadhbanna a shainaithnítear thuas go luath, agus baineann siad go díreach leis na rialacha dlí atá ann faoi láthair. Go háirithe, is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir rialacha éifeachtacha maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas a shainiú.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Sa mheasúnú tionchair, déantar meastóireacht **ar cheithre rogha** lena ngabhann leibhéal éagsúla d'idirghabháil an Aontais.

- Baineann **rogha 1** le **gníomhaíocht neamhreachtach** a bhfuil sé d'aidhm aici feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear an Treoir chun feidhme agus stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas a chur chun cinn.
- Beartaítear le **rogha 2 athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir**, d'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú le haghaidh na stádas náisiúnta agus feabhas a chur ar chearta cónaitheoirí fadtéarmacha, soghluaisteacht laistigh den Aontas san áireamh.
- Beartaítear le **rogha 3 athbhreithniú níos leithne ar an Treoir**, athbhreithniú lena gclúdaítear na bearta

faoi rogha 2 agus lena n-éascaítear na coinníollacha chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas a bhaint amach.

- Beartaítear le **rogha 4 mórathbhreithniú reachtach ar an Treoir**, athbhreithniú lena gcruthaítear stádas buanchónaithe aonair san Aontas, lena gcuirtear deireadh le scéimeanna náisiúnta, agus lena dtugtar an ceart do chónaitheoirí fadtéarmacha gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas.

Is í **rogha 3** an **rogha tosaíochta**. Rannchuideodh sí le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ar fad a sainaithníodh agus chuirfeadh sí feabhas ar chur chun feidhme na Treorach ina iomláine. Is aici is fearr an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch agus is í an rogha is indéanta ó thaobh na polaitíochta de.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Tá **Parlaimint na hEorpa** i bhfábhar athbhreithniú reachtach ar an Treoir, athbhreithniú lena dtugtar aghaidh ar na réimsí fadhbanna ar fad a sainaithníodh. Chuir roinnt **Ballstát** a n-imní in iúl faoi athbhreithniú reachtach ar an Treoir, agus tá roinnt eile acu sásta tacú leis an hathruithe i roghanna 2 agus 3. Chuir na Ballstáit ar fad i gcoinne mórathbhreithniú. Tá formhór na b**páirtithe leasmhara** a ndeachthas i gcomhairle leo (páirtithe leasmhara ón sochaí sibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, agus saineolaithe ar an imirce dhleathach) i bhfabhar na mbeart i roghanna 2 agus 3.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad príomhbhuntáistí na rogha tosaíochta?

San áireamh sa rogha tosaíochta tá roinnt beart lena dtabharfaí aghaidh ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh sa Treoir sna réimsí fadhbanna ar fad. Tá coinne leis go mbeidh buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha ag an rogha tosaíochta. Tá na buntáistí eacnamaíocha bunaithe ar na toimhdí go mbeadh rochtain ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas agus ar na cearta comhfhreagracha ag tuilleadh náisiúnaigh tríú tír, agus go mbogfadh sciar ní ba mhó de náisiúnaigh tríú tíortha go Ballstát eile. Mar thoradh air sin bheadh an t-ioncam cánach ní b'airde ar an iomlán, chuirfí leis an táirgiúlacht agus leis an gcaiteachas, agus chuirfí feabhas ar an bhfás eacnamaíoch. D'fhágfadh an rogha beartais tosaíochta gur mhó an chomhsheasmhacht le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ar deireadh, tá coinne leis gurb é an rogha tosaíochta an rogha is fearr chun aghaidh a thabhairt ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara nach ionann iad i gcónaí (féach an roinn thuas) agus dá bhrí sin, is í an rogha is indéanta ó thaobh na polaitíochta de.

Cad iad príomhchostais na roghanna tosaíochta?

San áireamh i gcostais mheasta na rogha tosaíochta tá na costais seo a leanas ar na Ballstáit:

- costais riaracháin aonuaire: EUR 781 000;
- costais riaracháin athfhillteacha: EUR 151 000;
- costais chomhlíontachta aonuaire: EUR 452 000;
- costais chomhlíontachta athfhillteacha: EUR 900 000.

Meastar go mbeadh na coigiltí costais athfhillteacha seo a leanas ann freisin (gach bliain ar an meán):

- Na Ballstáit: EUR 24 500;
- Náisiúnaigh tríú tír: EUR 1 145 000;
- Gnólachtaí an Aontais Eorpaigh: EUR 112 700.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, cuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) agus micrifhiontar?

Chuideodh an rogha tosaíochta le gnólachtaí, go háirithe na bearta chun soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú. Thairbheodh fostóirí, agus FBManna go háirithe, de rochtain ar líon níos mó náisiúnaigh cháilithe tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu san Aontas cheana féin.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Beidh ar na húdaráis náisiúnta atá i gceannas nósanna imeachta atá ann cheana féin a oiriúnú agus comhlíonadh na rialacha nua a áirithiú mar gheall ar an sásra maidir le cothrom na Féinne, na coinníollacha leasaithe chun an stádas a fháil, agus na bearta le haghaidh soghluaisteacht laistigh den Aontas. Tá simpliú suntasach i gceist leis an rogha tosaíochta, áfach, simpliú lena ndéantar na costais riaracháin agus chomhlíontachta a chúiteamh go pointe áirithe.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Beidh tionchar dearfach ag an rogha tosaíochta ar náisiúnaigh tríú tír a thairbheoidh de na bearta lena dtugtar isteach cothrom na Féinne. Beidh fíor-rogha acu idir cead cónaithe fadtéarmach de chuid an Aontais agus cead cónaithe fadtéarmach náisiúnta, beidh sé níos éasca orthu na coinníollacha chun stádas cónaitheora

fhadtéarmaigh san Aontas a fháil a chomhlíonadh, agus tairbheoidh siad de chearta feabhsaithe – cearta a bhaineann le soghluaisteacht laistigh den Aontas san áireamh – agus de dheiseanna le haghaidh imirce chiorclach.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Déantar foráil in Airteagal 24 den Treoir cheana féin maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, i.e. go gcuirfeadh an Coimisiún i láthair go tráthrialta tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach sna Ballstáit agus go molfadh sé leasuithe a mheasfadh sé a bheith riachtanach. Beidh feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir leis na hathruithe a dhéanfar le linn an athbhreithnithe ar an Treoir.